V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11129 — Bain Capital / Apfarge / WHI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 200/07)

1. An 30 Bealtaine 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Bain Capital Investors, LLC ('Bain Capital', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

— Apfarge Investments Pte Ltd. ('Apfarge', Singeapór), atá faoi rialú deiridh CIG Group (Singeapór).

— World Human Intelligence Co., Ltd ('WHI', an tSeapáin), atá faoi rialú aonair Bain Capital faoi láthair.

Gheobhaidh Bain Capital agus Apfarge rialú aonair ar WHI ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(2)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bainisteoir cistí infheistíochta is ea Bain Capital, cistí a dhéanann infheistíocht i gcuideachtaí a bhfuil gníomhaíochtaí i dtionscail éagsúla, lena n-áirítear teicneolaíocht, na meáin agus teileachumarsáid, cúram sláinte, táirgí miondíola agus tomhaltóirí, seirbhísí airgeadais agus gnó, agus tionscal/monaraíocht.

— Is ciste infheistíochta é Apfarge atá á bhainistiú ag CIG Group, a bhainistíonn punann dhomhanda éagsúlaithe d'infheistíochtaí i gcistí cothromais phríobháidigh, caipitil fiontair agus bonneagair, chomh maith le hinfheistíochtaí díreacha i gcuideachtaí príobháideacha.

— Forbraíonn agus soláthraíonn WGI bogearraí pleanála acmhainní fiontraíochta, go háirithe bogearraí AD amhail bainistiú líon na ndaoine agus párolla, féinseirbhís fostaithe, bainistíocht tinrimh, agus réitigh bainistiú tallainne.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11129 — Bain Capital / Apfarge / WHI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.